

### CHAPTER 6

#### TEACHT NA CRÍOSTAÍOCHTA GO HÉIRINN (AN 5Ú AGUS AN 6Ú HAOIS)

Bunchloch na sochaí in Éirinn sna meánaoiseanna luatha ba ea ceangal na fola. Ba í an fhine (an teaghlach) bunaonad na sochaí sin. Bhí an tír roinnte ina ríochtaí éagsúla. Tuatha a thugtaí ar na ríochtaí agus bhíodh rí ar leith ar gach tuath. Dhéanadh tuatha comhaontais lena chéile nó dhíolaidís cíos le tuath ní ba mhó. Ní raibh aon bhailte in Éirinn ag an am. Ní úsáidítí airgead ach oiread, ach dhéantaí earraí agus seirbhísí a bhabhtáil agus a mhalartú. Thugtaí isteach fíon, ola agus só-earraí eile ó áiteanna i sean-Impireacht na Róimhe agus ó áiteanna níos faide i gcéin.

Feirmeoirí ba ea iad formhór an phobail agus is feirmeoireacht mheasctha a bhíodh ar siúl acu, i.e. choinnídís stoc agus chuiridís barra. Chomh maith leis na gnáthfheirmeoirí sin bhí na ceardaithe, na filí, na dlíodóirí, na sagairt agus na huaisle ann. Bhí ar na gnathdhaoine cíos a dhíol leis na huaisle.

Níor tháinig an léamh ná an scríobh go hÉirinn go dtí gur tháinig an Chríostaíocht sa 5ú haois. In ainneoin sin, bhí traidisiún saibhir béil ann agus is ann a mhair na dlíthe agus an litríocht. Is ag an am sin a tosaíodh ar inscribhinní Gaeilge a scríobh ar na clocha Oghaim.

Faoin 3ú haois AD bhí an chumhacht a bhí ag Impireacht na Róimhe sa Bhreatain ag dul i léig. D'imigh na léigiúin deiridh in AD 406 agus rinne foghlaithe as Éirinn creach ar chósta na Breataine. D'éirigh leis na foghlaithe coilíneachtaí a chur ar bun ar imeall na himpireachta i dtuaisceart agus i ndeisceart na Breataine Bige agus ghlac siad seilbh ar limistéir mhóra in Earra-Ghàidheal in iarthar na hAlban. Ciallaíonn sin go raibh teagmháil ag muintir na hÉireann leis an saol lasmuigh, agus d'fhág sin a lorg ar nósanna maireachtála agus ar an ealaín in Éirinn.

#### Teacht na Críostaíochta go hÉirinn

106

Tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn ar bhealaí éagsúla. Na trádálaithe agus na foghlaithe a bhíodh ag teacht agus ag imeacht amach as Éirinn, bhíodh teagmháil acu le Críostaithe ar Mhór-roinn na hEorpa agus sa Bhreatain. B'fhéidir gur thug siad an teachtaireacht Chríostaí ar ais go hÉirinn leo. Tháinig ancairí, díthreabhaigh agus díseartaigh a bhí ag lorg áiteanna scoite ar imeall na hEorpa go hÉirinn agus chuir siad fúthu ar na hoileáin amach ó chósta na hÉireann. Chuaigh misneach na ndíthreabhach sin i bhfeidhm go mór ar phobal na hÉireann.

#### Palladius agus Naomh Pádraig

Tá a fhios againn go raibh Críostaithe in Éirinn go luath sa 5ú haois mar sa bhliain AD 431 chuir an Pápa Celestine I an tEaspag Palladius chuig 'an lucht Críostaí in Éirinn'. Thug Palladius leabhair agus rudaí cráifeacha eile ar stíl na Róimhe leis. Ina dhiaidh sin d'éirigh le Naomh Pádraig agus daoine eile an Chríostaíocht a chur ar bun in Éirinn gan mairtíriú a dhéanamh d'aon duine agus gan mórán easaontais ón tsagartacht pháigánach. Sna céadta a tháinig ina dhiaidh sin, ba é cultas Naomh Pádraig a cuireadh chun cinn agus is beag an trácht a rinneadh ar Palladius níos mó. Ar chúinsí polaitiúla

a rinneadh é sin: bhí Ard-Deoise Ard Mhacha ag iarraidh a neart a dhaingniú mar an *paruchia* ba shinsearaí sa tír - grúpa cónasctha de mhainistreacha agus de dheoisí is ea *paruchia*. Ba mhór an chabhair dóibh é Pádraig a bheith bainteach leo.

#### Eagrú na hEaglaise

Ar dtús, bhíodh eaglais na hÉireann ag déanamh aithris ar chóras na heaglaise san Eoraip; bhíodh paróistí cnuasaithe ina ndeoisí agus iad faoi réir ag easpag. Ach níor oir sé sin don tsochaí Ghaelach mar nach raibh an pobal cruinnithe i mbailte agus i gcathracha móra. Is éard a tháinig chun cinn in Éirinn ná cónaidhmeanna de mhainistreacha. Ba ghnách gur bhain na cónaidhmeanna le naomh mór le rá a bhunaigh ceann de na mainistreacha móra. Mhaíodh na mainistreacha ceangal gaoil leis an naomh nó leanaidís traidisiún an naoimh sin. Bhunaigh Colm Cille mainistreacha i nDoire agus ar Oileán Í, chomh maith le mainistreacha eile. Bhí Pádraig luaite le hArd Mhacha (príomh-mhainistir na hÉireann), Bríd le Cill Dara, Breandán le Cluain Feartha, Comhghall le Beannchar, Maodhóg le Fearn agus Éanna le hÁrann. Thugtaí 'An Comharba' ar an ab a bhí i gceannas ar an bpríomh-mhainistir i ngach ceann de na cónaidhmeanna. Go minic bhí gaol ag an gcomharba le

bunaitheoir na mainsitreach. I gcásanna áirithe, thagadh mac in áit a athar. Uaireanta, rinneadh comharba de thuata nó de mhanach i mionord.

Bhí cosúlachtaí idir córas na mainistreacha agus an córas polaitíochta agus mhair an dá chóras taobh le taobh. Is minic a bhain an rí áitiúil agus an t-ab áitiúil leis an gclann chéanna, rud a choinnigh an chumhacht reiligiúnach agus an chumhacht pholaitiúil san aon tuath amháin.

### An Manachas in Éirinn

Thosaigh saol na mainistreach sna fásaigh ar an taobh thoir den Mheánmhuir. Tháinig an nós go hÉirinn ón Eaglais Ghallachánach sa Fhrainc. Is cosúil go mbíodh mainistreacha in Éirinn i dteagmháil le heaglaisí oirthearacha i gcaitheamh an 5ú agus an 6ú haois. B'fhéidir go raibh bealach na mara go dtí an taobh thoir de réigiún na Meánmhara níos sábháilte ná mar a bhí an bealach trasna na Breataine agus na hEorpa mar go raibh cúrsaí polaitíochta an-chorrach ansin tar éis d'Impireacht na Róimhe titim as a chéile.

Bhíodh urraim do bhunaitheoirí na mainistreacha faoi mar a bheadh naoimh iontu. I gcaitheamh na mblianta, rinneadh ionaid oilithreachta de na háiteanna inar adhlacadh iad agus de na hinstitiúidí ina raibh taisí a bhain leo. Bhí go leor láithreacha agus toibreacha beannaithe luaite le roinnt naomh, go háirithe le Pádraig agus le Bríd. Bhí lucht leanúna áitiúil ag naoimh eile freisin timpeall na n-áiteanna a raibh na mainistreacha acu.

Le linn an 6ú haois, b'ionaid mhóra léinn agus dianchleachtas spioradálta iad mainistreacha na hÉireann. Thagadh mic léinn ón mBreatain agus ón Eoraip, mar a raibh an Eaglais ina cíor thuathail agus cúrsaí léinn i ndroch-chaoi. Sna céadta ina dhiaidh sin, d'imigh manaigh Éireannacha ar fud na Breataine agus na hEorpa ag scaipeadh bhriathair Chríost agus ag cur mainistreacha nua ar bun. Bhí Oileán Í ar chósta na hAlban ina lárionad ag Colm Cille chun muintir na hAlban a thiontú ina gCríostaithe. Thart ar an am céanna d'éirigh leis an ríshliocht



Fíor 6.2 Eaglais adhmaid



Fíor 6.1 Mainistir Naomh Molaise ar Inis Muirigh, oileán amach ó chósta Shligigh

*Dál Riada*, treibh a bhain le Contae Aontrama, an chuid sin d'Albain a ghabháil agus a chur faoina smacht. *Scoti* a thugadh lucht Laidine ar mhuintir na hÉireann ina gcuid scríbhinní ón 4ú haois. Scaip an an t-ainm in Albain le teacht Dál Riada agus tugadh *Scoti* orthu as sin amach.

### Na mainistreacha luatha

#### Leagan amach na mainistreacha luatha

Leagadh na mainistreacha luatha amach de réir na stíle tógála a bhí i réim in Éirinn ag an am. Bhí claifort nó balla timpeall na mainistreach. I gcás mainistreacha móra, bhí an séipéal nó an t-aireagal sa lár; i gcás mainistreacha beaga, is laistigh den bhalla sa taobh thoir-theas den mhainistir a bhíodh sé. De ghnáth bhíodh an reilig gar don séipéal agus do phríomhfhoirgnimh na mainistreach. Bhíodh tithe cónaithe agus ceardlanna laistigh den bhalla ar imeall na mainistreach (fíor 6.1).



Fíor 6.3 Eaglais chaolaigh agus dóibe

As adhmaid a tógadh an chuid is mó de na mainistreacha luatha (fíor 6.2), nó as cleitheanna agus caolach (fíor 6.3). Ní sheasadh na foirgnimh sin i bhfad agus i gcaitheamh na mblianta thógtáí foirgnimh eile ina n-áit nó rinneadh reiligi den talamh ar ar sheasadar. Dá dheasca sin, is beag eolas atá againn mar gheall orthu. Rinneadh mainistreacha as clocha in iarthar na hÉireann agus i roinnt oileán ar an gcósta agus is fearr a sheas na foirgnimh sin an aimsir.

Tá cur síos ar mhainistir Chill Dara in *Beatha Naomh Bríd* a scríobh Cogitosus sa 7ú haois. Deir sé gur chathair mhór fhairsing a bhí inti agus go raibh fobhailte timpeall uirthi a bhí leagtha amach ag Naomh Bríd í féin. Deir sé freisin go raibh ardeaglais ann a raibh airde thar na bearta inti agus a bhí roinnte ina trí cuid agus scáthláin adhmaid idir na codanna inti. B'áit neamhghnách í mainistir Chill Dara sa mhéid is go raibh idir mhná rialta agus bhráithre araon ann. Ba iad Naomh Bríd agus an tEaspag Conlao a bhunaigh an mhainistir, agus cuireadh an bheirt acu ar an dhá thaobh den altóir san ardeaglais. Dar le Cogitosus, bhí an altóir maisithe go flúirseach le hór, le hairgead, le seoda agus le clocha lómhara.

### Stíl na bhfoirgneamh luath

Tá beagán eolais againn faoin gcuma a bhí ar na foirgnimh luatha sna mainistreacha. Tá cuntais scríofa mar gheall orthu le fáil sna hannála agus i bhfoinsí eile. Ní hamháin sin, ach tá íomhánna againn díobh fiú, mar shampla, an pictiúr den teampall ar an leathanach 'Promhadh Chríost' i Leabhar



FÍOR 6.4 LEABHAR CHEANANNAIS, promhadh Chríost, fóilió 200v



FÍOR 6.5 An chloch mhullaigh ar Chros Mhuireadhaigh

Cheannais (fíor 6.4). Ina theannta sin, maireann roinnt scrínte teach-chruthacha fós agus tá cruth tí ar an gcloch mhullaigh ar Chros Mhuireadhaigh i gCluain Mhic Nóis chomh maith (fíor 6.5). Macasamhail de shéipéal luath adhmaid is ea an séipéal beag cloiche ón 12ú haois i gCruach na Cara i gContae na Gaillimhe. Rinneadh athchóiriú ar an séipéal beag in 1975 ach ba léir ón gcuid den díon a bhí fágtha ag an am go ndearnadh clocha an dín a shnoí chun cuma shlinnte adhmaid a chur orthu (fíor 6.6). Bhí na séipéil luatha sin an-lom ar fad agus is léiriú é sin ar an saol dian agus ar an bhféindiúltú a chleacht na manaigh sa tréimhse Luath-Chríostaí in Éirinn.

Bhíodh leagan amach simplí dronuilleogach ar na séipéil. Bhí cuid díobh beagnach cearnógach, ach bhí cuid mhaith acu dhá oiread níos faide ná mar a bhí siad leathan. Bhíodh fuinneog bheag sa bhinn thoir agus doras sa bhalla thiar, ach is beag solas a thagadh isteach tríothu. I roinnt séipéal a tógadh níos



FÍOR 6.6 Eaglais i gCruach na Cara, Co. na Gaillimhe



Fíor 6.7 Mainistir ar Sceilg Mhichíl

déanaí, cuireadh isteach fuinneoga beaga breise ar an taobh thoir de na taobh-bhallaí. Bhíodh díon na séipéal adhmaid an-chrochta agus chuirí tuí nó slinnte adhmaid orthu. Lean an traidisiún deartha sin ar aghaidh nuair a tosaíodh ar shéipéil chloiche a dhéanamh. Tá mórán plé déanta maidir le haois na séipéal cloiche is simplí in Éirinn. Is beag tagairt a dhéantar d'fhoirgnimh chloiche i dtéacsanna a scríobhadh roimh an 9ú haois. De réir dátú carbóin, baineann roinnt de na foirgnimh choirbéalta ar leithinis an Daingin leis an tréimhse AD 640 go 790. Is ionann sin agus a rá gur tógadh iad i dtús na tréimhse nuair a tosaíodh ar shéipéil chloiche a dhéanamh in Éirinn.

### Sceilg Mhichíl

Oileán amach ó chósta Chiarraí is ea Sceilg Mhichíl agus is maith a sheas foirgnimh na mainistreach ann an aimsir. Tá idir foirgnimh choirbéalta agus bhallaí cloiche ann (fíor 6.7). Modh tógála ba ea an coirbéaladh a bhí in úsáid ó aimsir na Clochaoise ar aghaidh. D'úsáideadh tógálaithe an coirbéaladh chun cruinneachán nó áirse a dhéanamh. Leagtar gach cúrsa cloch beagán níos congaraí don lár ná an cúrsa faoi, agus ar an gcaoi sin, bíonn na ballaí ag claonadh i dtreo a chéile go dtí go dtagann siad le chéile ag an mbarr. Sampla cáiliúil eile den chur chuige sin is ea na tuamaí a tógadh a Brú na Bóinne. Ar na foirgnimh choirbéalta ar Sceilg Mhichíl tá idir foirgnimh chruinneachánacha agus foirgnimh dhronuilleogacha. Ar na foirgnimh is mó, tá cuid díobh 9 m ar trastomhas agus 4.5 m ar airde. Is cinnte nach aon ghnáthmhainistir a bhí i Sceilg Mhichíl agus é ar crochadh ar chreaga oileáin 180 m os



Fíor 6.8 Aireagail ar Sceilg Mhichíl

cionn an Atlantaigh. Mar sin féin, léiríonn sé an tsofaisticiúlacht agus an éagsúlacht a bhain le cuid de na mainistreacha luatha (fíor 6.8).

### Aireagal Ghallarais

Ar na haireagail choirbéalta dhronuilleogacha ar mhórthír na hÉireann, is é Aireagal Ghallarais ar leithinis an Daingin an ceann is fearr agus is iomláine a mhaireann. Éiríonn na taobh-bhallaí gan bhriseadh ón talamh go dtí go dtagann siad le chéile ag an mbarr. Tá na beanna ar an dá cheann ag claonadh i dtreo a chéile, rud a thacaíonn leis na ballaí. Tá an doras níos leithne as a bhun ná mar atá ar barr agus tá fardoras simplí os a chionn (fíor 6.9). Tá barr cruinn ar an bhfuinneog bheag bhídeach ar an taobh thoir, ach ní fíoráirse í mar gur snoíodh dhá chloch sa chruth sin. Roghnaíodh na clocha ar fad go cúramach. Cuireadh clocha níos mó sna coirnéil agus in íochtar na mballaí, agus clocha níos lú agus níos éadroime i lár agus in uachtar na mballaí, áit a mbeadh baol níos mó go dtitfidís. Leagadh na clocha sa tslí is go bhfuil an chuid ar an taobh amuigh ag claonadh síos beagán, agus gearradh ansin iad ionas go mbeadh dromchla réidh ar an taobh amuigh nach ligfeadh an bháisteach agus an ghaoth isteach.



Fíor 6.9 Aireagal Ghallarais, an balla theas agus an balla thiar, Leithinis an Daingin, Co. Chiarraí. Is féidir cé chomh tiubh is atá an balla a fheiceáil ag an doras.

### Snoíodóireacht Chloiche

Choncaiceamar cheana i gcás na mainistreacha nárbh í an chloch an príomhábhar tógála le linn an 5ú agus an 6ú haois. Thar na céadta bliain tháinig forbairt ar an tslí a mbíodh cloch á snoí. De bharr nach maireann gach leacht a rinneadh, tá bearnaí san eolas atá againn ar an tslí ar tháinig stíleanna agus teicnící deartha chun cinn, agus ní léir i gcónaí cad a spreag na cineálacha éagsúla leachtanna a mhaireann.

### An gallán snoite Clocha oghaim

Is iad na clocha oghaim na leachtanna ingearacha cloiche is luaithe atá againn ó ré na Críostaíochta. Baineann na clocha



**Fíor 6.10** Cloch oghaim ag Baile an Reannaigh ar Leithinis an Daingin. Is éard atá san inscríbhinn CUNAMAQQI CORBBI MAQQ (I MUCCOI DOVVINIA)S.

oghaim leis an tréimhse idir an 4ú haois agus an 6ú haois AD. Tá siad le fáil ar fud na tíre, ach is i ndeisceart na tíre idir Co. Loch Garman agus Co. Chiarraí a fuarthas an chuid is mó acu. Fuarthas corrcheann sa Bhreatain Bheag agus in Albain i gceantair ina raibh coilíneachtaí Éireannacha tráth, ach baineann siad le cultúr na nÉireannach, den chuid is mó (fíor 6.10).

Aibítir ar leith is ea an t-ogham a ceapadh go speisialta sa 4ú haois, nó mar sin, chun na fuaimeanna a bhí i dteanga na Gaeilge ag an am sin a chur in iúl. Ar mhaithe le hainmneacha daoine a scríobh ar leaca cuimhneacháin a ceapadh an aibítir. Is dócha gur faoi anáil na Laidine a ceapadh í sa mhéid is go bhfuil na litreacha ar fad rangaithe ina ngrúpaí agus na gutaí curtha i ngrúpa ar leith.

Is é atá sa chuid is mó de na clocha oghaim ná galláin gharbha shimplí a cuireadh in airde i gcuimhne ar dhuine tábhachtach sa phobal. Is iondúil nach mbíonn dada ar an gcloch ach ainm an mhairbh agus ainm an athar. Faightear ogham ar chlocha a bhfuil inscríbhinní Laidine agus fíor na croise orthu chomh maith.

#### Galláin chrosghreanta

Cuireadh galláin agus leaca a bhfuil crosa greanta orthu ina seasamh ag cuid de na mainistreacha ba luaithe. De ghnáth, ní bhíonn ach patrún simplí líneach ann ar chloch gharbh. Bíonn meascán cros le feiceáil orthu - an chros Ghréagach, an chros Laidineach, nó an chros Mháltach agus in amanna, bíonn ciorcal timpeall na croise. Bíonn inscríbhinní Laidine nó Gaeilge ar na galláin uaireanta. Baineadh úsáid as maisiúcháin eile ar nós: an monagram Chi-Rho (a sheasann do Chríost),



**Fíor 6.11** Gallán crosghreanta ó Chill Seanaigh, Co. Chiarraí



Gallán crosghreanta ó Chnoc Bréanainn, Co. Chiarraí



Leac greanta as Inis Gé Thuaidh, Co. Mhaigh Eo

svaistici, snaidhmeanna simplí, crinngheas, bíseanna agus cuair. Seachas siombailí na Críostaíochta, bhí an chuid is mó de na gnéithe sin in úsáid in Éirinn cheana le linn na hIarlaíochta sa stíl La Tène (fíor 6.11).

Is minic a bhíonn galláin chrosghreanta gar do shéipéil luatha. De réir an tseanchais, cuireadh cuid díobh ar uaigh an naoimh a bhunaigh an mhainistir agus thagadh daoine ar oilithrecht go dtí na háiteanna sin sna céadta ina dhiaidh sin. In iarthar na tíre ó Chontae Chiarraí go Contae Dhún na nGall atá an chuid is mó de na leachtanna den chineál sin.

Is deacair dáta a chur le galláin agus le leaca mar go mbíonn maisiúchán an-simplí orthu agus ní bhíonn aon inscríbhinn ar chuid mhór díobh. Is maith inscríbhinní chun comhthéacs a sholáthar. Baineann galláin chroise le tréimhse ar bith idir an 5ú haois agus an 10ú haois AD. Ceaptar nach bhfuil aon bhaint acu leis na crosa arda Ceilteacha a tháinig níos déanaí, ach gur cineál faoi leith leachta iad.

### Gallán an Riaisc

Is sa 7ú haois a rinneadh an gallán chrosghreanta a cuireadh laistigh de bhalla na mainistreach sa Riaisc (fíor 6.12) ar leithinis an Daingin, Co. Chiarraí. Rinneadh cros Mháltach air i rilíf íseal agus tá ciorcal timpeall uirthi. Tá patrún bíseanna ag dul ón gciarcal síos go dtí an áit a bhfuil cruth pealta in íochtar an ghalláin. Tá na litreacha DNE scríofa ar thaobh na láimhe clé den phatrún. Seasann na litreacha sin don fhocal Laidine *domine* a chiallaíonn 'tiarna', agus is é atá i gceist



Fíor 6.12 Gallán an Riaisc, Leithinis an Daingin, Co. Chiarraí.

na 'Ár dTiarna Dia', nó b'fhéidir, 'An Tiarna Ab'. Baineann na maisiúcháin uile ar an ngallán sin leis an stíl La Tène, agus is mór an difear idir aghaidh gharbh na cloiche agus na línte fíneálta a snoíodh uirthi.

## Leabhair agus Lámhscríbhinní

### Tábhacht na leabhar i mainistreacha na hÉireann

Tá ról lárnach ag an mBíobla i ndeasghnátha na Críostaíochta. Bhíodh cóip den Bhíobla agus téacsanna eile ag teastáil i mainistir luath-Chríostaí mar gur chuid rí-thábhachtach den saol laethúil ba ea é sleachta a léamh as agus cantaireacht a dhéanamh. Sular tosaíodh ar an gclóbhualadh sa 15ú haois, b'éigean na leabhair a chóipeáil de lámh. Ní hamháin go ndéantaí cóipeanna den Bhíobla, ach dhéantaí cóipeanna de leabhair urnaithe agus de leabhair na seirbhísí eaglaise. Dhéantaí cóipeanna de théacsanna ar ghramadach na Laidine freisin, agus de gach cineál saothair léannta a theastaigh chun oiliúint a chur ar an gcléir agus ar an uasaicme i gcoitinne.

Ba í an Laidin teanga an aosa léinn ar fud na hEorpa. Na cléirigh agus na huaisle a raibh léann orthu, bhí siad in ann páirt a ghlacadh i seirbhísí eaglasta agus cumarsáid a dhéanamh lena chéile ar fud na Mór-Roinne. Ba sa Laidin a bhíodh searmanais uile na hEaglaise. Ba í an Laidin bunchloch an léinn; bhíodh mic léinn ag foghlaim na Laidine ar dtús ionas go bhféadfaidís na téacsanna a léamh agus cur lena gcuid eolais.


Chuirte an-luach ar leabhair agus ní hamháin mar gheall ar an dua a bhain lena ndéanamh. Bhí meas orthu mar fhoinsí eolais agus de bhrí gurbh iontu a bhí briathar Dé go minic. Ba gheall le Dia a mhaslú é téacs a chóipeáil go míshlachtmhar, mar gur bhriathar Dé a bhí á scríobh. Ba mhar a chéile iad a gcuid saothair agus a gcuid paidreacha ag na manaigh, agus dá bhrí sin, dhéanadís iarracht é a dhéanamh chomh foirfe agus chomh gleoite agus ab fhéidir.

### Leabhair a dhéanamh

Ní amháin gurbh éigean leabhair a scríobh de lámh, ach b'éigean gach cuid díobh a dhéanamh as an nua. Ní raibh fáil ar leathanaigh, ar dhúch ná ar phinn a bhí réamhdhéanta. Bhí ar an scríobhaí gach rud a dhéanamh as ábhar a bhí le fáil go háitiúil nó a bhféadfaí a thabhairt isteach as áit eile. Dhéantaí na leathanaigh ar dtús agus ansin dhéantaí leabhar díobh.

### Veilleam

In Éirinn, ba é an veilleam (nó an pár) an rogha ábhair chun leathanaigh a dhéanamh. Is é atá sa veilleam ná craiceann lao. (Dhéantaí leathanaigh as craiceann gabhair nó as craiceann caorach chomh maith agus tugadh pár nó párfháipéar orthu sin.) Chun é a ullmhú chuirte an craiceann ar maos ar feadh roinnt laethanta i bhfolcadh uisce agus aoil, nó i múnlach, go dtí gurbh fhéidir na ribí a bhaint den chraiceann. Bhí sé an-tábhachtach gan an craiceann a fhágáil ar maos rófhada, mar dá bhfágfaí, bheadh sé ní ba fhusa ag baictéir é a mhilleadh ina dhiaidh sin. (Rinneadh dochar éigin do Leabhar



FÍOR 6.13 Veilleam a dhéanamh

Cheanannais mar gheall air sin, mar shampla). Tar éis an fholctha, ghlantaí an craiceann. Dhéantaí na ribí agus salachar a scamhadh den chraiceann le lann. Ansin dhéantaí mín é le slíogart. Tharraingítí amach ar fhráma é go dtí go mbeadh sé cothrom agus thriomaítí é sula ndéantaí leathanaigh de. Dhéantaí an veilleam a fhuáil le chéile agus rollaí nó coidéacs a dhéanamh de. Is é atá sa choidéacs ná leathanaigh atá fuáilte le chéile i bhfoirm leabhair. In imeacht aimsire ba mhó tóir a bhí ar an gcoidéacs seachas ar an rolla mar go raibh sé níos fusa eolas a chuardach ann agus níos fusa é a stóráil (fíor 6.13).

### Dúch agus líocha

Bhí bealaí éagsúla ann chun dúch dubh nó dúch dorcha a dhéanamh. Dhéantaí dúch carbóin as adhmaid dóite nó as saill ainmhí. Maireadh an dath i ndúch den chineál sin, ach ba mhinic a thiteadh sé den leathanach ina gcalóga beaga. Dhéantaí dúch gáil agus iarainn as sulfáit iarainn a meascadh le gáil darach brúite. Chuirtear guma ann chun an meascán a tháthú le chéile. Dhéantaí an meascán sin a chaolú le huisce, le fion nó le fínéagar. Ba iad na míbhuntáistí a bhain le dúch gáil agus iarainn ná go n-itheadh an t-iarann sa dúch an veilleam agus go dtréigeadh an dath a rinneadh as an ngál go dtí go mbeadh dath donn air.

112

Is beag dath atá sna leabhair is luaithe a mhaireann, ní chuirtear ach poncanna beaga dearga nó buí timpeall ar an gceannlitir ag tús mír nua.

### An Cathach

Tá *An Cathach*, nó *Saltair Cholm Cille*, ar cheann de na lámhscríbhinní Éireannacha is luaithe a mhaireann. As Laidin atá sé scríofa agus is é an chóip is sine den t*Saltair* (cóip de *Leabhar na Salm*) atá ar marthain in Éirinn. De réir an tseanchais, ba é Colm Cille a scríobh *An Cathach*. Mhair Colm Cille ó 521 go 597 agus ba é a bhunaigh ord manach Cholm Cille. Lean an t-ord de shaothrú na lámhscríbhinní agus den obair mhiseanach a chleacht Colm Cille, an chéad ab a bhí orthu.

Faraor, ní mhaireann ach 58 leathanach den lámhscríbhinn agus tá drochbhail ar chuid mhaith díobh (fíor 6.14). Ba é muintir Dhónaill, clann a raibh gaol aici le Colm Cille, a thug

*An Cathach* ar an leabhar. Is é bunús an fhocail 'cathach' ná 'cath' agus bheireadh muintir Dhónaill an leabhar chun catha leo agus iad ag iarraidh cabhair agus cosaint ar Cholm Cille. De réir an scéil, is cóip de leabhar eile í an lámhscríbhinn a rinne Colm Cille é féin. Rinne sé an chóip faoi dheifir, áfach, agus gan cead a fháil óna mháistir Finnian. Bhí cás cúirte ann dá bharr sin agus tugadh an bhreith 'gur le gach bó a lao, agus gur le gach leabhar a chóip'. Chuir muintir Cholm Cille in aghaidh an bhreithínais agus throid siad cath Chúl Dreimhne agus iad ag iarraidh seilbh a ghabháil ar an leabhar. Deirtear gur chuir an sléacht agus an marú a tharla le linn an chatha an oiread uafáis ar Cholm Cille gur thug sé air féin dul ar *peregrinatio*, nó imeacht ar oilithreacht bhuan ar deoraíocht. Is éard a bhí i gceist leis an *peregrinatio* ná a shaol a chaitheamh ag urnaí agus ag déanamh carghais, agus briathar Dé a scaipeadh i measc na bpágánach chomh maith. D'imigh sé ar dtús go hoileán Í, oileán amach ó chósta na hAlban. Bhunaigh sé mainistir ann agus bhí sí ar an bpríomh-mhainistir ar *paruchia*



FÍOR 6.14 Fóilió 21a de AN CATHACH


Cholm Cille (is é sin, grúpa mainistreacha a bhí luaite le Colm Cille) ar feadh 200 bliain ina dhiaidh sin. Leanadh den obair mhiseanach sin ar feadh na hAlban agus go dtí Northumbria i dtuaisceart Shasana.

Is léir ón athfhriotal thíos ó pheann a bheathaisnéisí, Adhamhnán, gur spreag Colm Cille grá do cheird na lámhscríbhneoireachta agus meas ar an gcúram i lucht a leanta:

Impím orthu siúd uile ar mhaith leo na leabhair seo a chóipeáil, ní hea, ceanglaím orthu in ainm Chríost, ós é an breitheamh ar gach dá mbíonn beo, go gcuirfidh siad an chóip i gcomparáid leis an mbunsaothar tar éis é a scríobh go cúramach, agus go ndéanfaidh siad gach leasú go dúthachtach dícheallach.

Tá a rian sin ar *An Cathach*; scríobhadh an leabhar sa mhórscripht Ghaelach i bpeannaireacht ghlan shoiléir agus ceannlitir mhór ag tús gach Saim. Tá an mhórscripht Ghaelach éagsúil leis na stíleanna Rómhánacha, cé gur dócha gur stíl Rómhánach a bhí sna leabhair a thug na chéad mhisinéirí go hÉirinn. Ní hamháin go raibh léamh agus scríobh na Laidine ag Críostaithe in Éirinn tar éis cúpla glúin, ach bhí siad tar éis stíl shainiúil pheannaireachta agus mhaisithe a chruthú.


Stíl pheannaireachta is ea an mhórscripht. Úsáidtear ceannlitreacha a mbíonn cruth cruinn orthu. Scríobhtar na litreacha idir dhá líne rialaithe agus is annamh a théann na litreacha os cionn ná faoi bhun na línte sin. Na maisiúcháin a d'úsáideadh na scríbhneoirí, is cosúil gur ón stíl La Tène a



Fíor 6.15 Fóilió 6a de AN CATHACH

tháinig siad, mar go n-úsáidtear móitífeanna trumpa, bíseanna agus roinnt fíoracha d'ainmhithe agus de phlandaí. Úsáidtear siombailí Críostaí leis, an chros agus an t-iasc, mar shampla.

Le peann cleite nó le peann gíolcaí a scríobhtaí de ghnáth. Bhaintí úsáid as dúch dorcha agus chuirtear poncanna dearga agus buí timpeall na gceannlitreacha. Ar Fóilió 6a de *An Cathach* (fíor 6.15), feictear nós an *diminuendo*: tá an chéad litir chomh mór le ceithre líne agus éiríonn na litreacha a leanann í níos lú de réir a chéile go dtí go bhfuil siad ar aonmhéid leis an ngnáth-théacs. Is tréith é a bhaineann go sainiúil leis an stíl Ghaelach, níl sé le fáil sna stíleanna Rómhánacha. Feictear cuid de na maisiúcháin éagsúla a úsáideadh sa lámhscríbhinn sin sa chéad litir Q de Shalm 91, salm dar tús '*Qui habitat. . .*' (fíor 6.16). Cuireadh bís bheag atá casta faoi mar a bheadh sprionga ann, ceann ainmhithe agus cros le cos an Q agus tá sraith de línte ornáideacha ar an taobh istigh den litir. Tá nós an *diminuendo* le feiceáil go soiléir ar na focail tosaigh sin. Rinneadh an litir M ag tús an tsaim ar Fhóilió 21a a mhaisiú le bíseanna agus móitífeanna trumpa. Tá a mhacasamhail chéanna den mhaisiúcháin shimplí a úsáidtear in *An Cathach* le feiceáil i saothair chloiche agus mhiotail na linne sin. Ní raibh ach stór beag de mhaisiúcháin agus de phatrúin ina mbunchloch ag an gcéad ghlún eile de cheardaithe agus iad ag déanamh saothair a bhí an-chasta agus an-fhíneálta go deo.



Fíor 6.16 Salm 91 in AN CATHACH





FIGÚR 6.17 Dealga neasfháinneacha simplí

## Miotalóireacht

Tháinig stíleanna Rómhánacha miotalóireachta go hÉirinn ón mBreatain agus ón nGaill. Sa tréimhse céanna, tosaíodh ar raon nua d'earraí a dhéanamh in Éirinn, bioráin láimhe, dealga neasfháinneacha, laistéid agus babhlaí crochta ina measc.

Sampla maith den fhorbairt a rinneadh ar stíleanna miotalóireachta is ea an dealg neasfháinneach. (is ionann neasfháinneach agus fáinne oscailte). Ar dtús, ní raibh iontu ach dealga simplí chun fallaing nó gúna a dhúnadh agus dhéantaí as sreang mhiotail iad. Fáinne agus biorán a bhíodh i ndealga den chineál sin. Bhíodh oscailt bheag san fháinne agus ceanglaítí an biorán den fháinne le lúb. Níos déanaí, dhéantaí dealga a theilgean as cré-umha nó as airgead (fíor 6.17). Cuirtear maisiúcháin ar an dá thaobh den oscailt. Le himeacht aimsire, d'éirigh an chuid sin den fháinne agus an lúb ag bun an bhioráin níos mó ionas gurbh fhéidir maisiúcháin a bhí ní ba mhó agus ní ba chasta a chur orthu.

### Dealg Bhaile an Doire

Tháinig ar an dealg sin i gcrannóg gar do Bhaile an Doire, Contae na hIarmhí. Is eiseamláir álainn í de dhealg mhaisithe (fíor 6.18). Tá maisiúcháin de *millefiori* gloine ar cheann an bhioráin agus ar dhá cheann an fháinne. Tá cruth ainmí ar an dá cheann sin agus tá uigeachtaí agus patrúin éagsúla sa chré-umha teilgthe. D'éirigh na dealga a rinneadh ina dhiaidh sin níos casta arís agus tháinig teicnící nua chun cinn de thoradh ar thrádáil leis an Eoraip. Rinneadh dornán píosaí beaga le linn an 6ú haois a raibh fíolagrán de shreanga óir orthu. Fuarthas cnaipe beag i gcruth éin i gCrannóg Loch Gabhar Mór, áit a bhfuarthas gloine *millefiori* i gceardlann cruanaí freisin.

Baineadh úsáid sa mhiotalóireacht freisin as maisiúcháin a úsáideadh ar dtús ar chrosa arda Ceilteacha agus i leabhair dhathmhaisithe. Tá gréasán dualach ar Dhealg Ard an Choillín, mar shampla, agus tá na patrúin rilife ar an dá cheann den dealg rud beag cosúil leis an gceannlitir M in *An Cathach*.



FIGÚR 6.18 Dealga Neasfháinneach Bhaile an Doire

## Clabhsúr

Nuair a tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn, tháinig smaointe nua agus tionchair nua isteach sa tír agus d'fhág sin a lorg ar na ceirdeanna éagsúla go léir. Le teacht na leabhar tháinig meáin nua ealaíne chun cinn freisin mar gur tosaíodh ag déanamh leabhair mhaisithe. De réir mar a bhí mainistreacha nua á dtógáil agus ag méadú bhí tóir ar mhiotalóireacht agus ar shnoíodóireacht chloiche den scoth. Le linn an 5ú agus an 6ú haois, tháinig forbairt ar na scileanna teicniúla agus ar an stór maisiúcháin de réir a chéile. Bhí de thoradh air sin go raibh gach ar theastaigh, idir scileanna, shaineolas agus ábhar i saotharlanna na mainistreacha móra chun go dtiocfadh borradh as cuimse faoin ealaín agus faoin gcruthaitheacht le linn an 7ú agus 8ú haois..

### Ceisteanna

1. Déan cur síos ar an leagan amach a bhí ar mhainistreacha luatha agus abair cén fheidhm a bhí ag na foirgnimh.
2. Ainmnigh na modhanna éagsúla tógála a úsáideadh agus mainistir luath á tógáil.
3. Cén chaoi ar tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn agus cén chaoi ar cuireadh in oiriúint don tsochaí Ghaelach í?
4. Déan cur síos ar dhá shaothar miotalóireachta ón 5ú agus ón 6ú haois, agus luaigh aon tionchar a tháinig ón Mór-Roinn.

### Aiste

1. Scríobh cuntas ar an gcaoi a ndéantaí leabhair i mainistir luath. Bain úsáid as focail agus sceitsí chun cur síos a dhéanamh ar na maisiúcháin i lámhscríbhinn luath amháin.

### Staidéar ar phictiúr daite

1. Féach ar na samplaí de na galláin shnoite luatha agus déan cur síos i bhfocail agus i sceitsí ar an bhfeidhm a bhí acu agus ar na maisiúcháin a rinneadh orthu (fíor 6.12).